Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Garda Tarrthála Trá Sealadach
# Séasúr Snámha an tSamhraidh
# Meitheamh go dtí Meán Fómhair, 2026

## Eolas d'Iarratasóirí

**Feabhra, 2026**

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarratasóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu do phost an Gharda Tarrthála Trá i gcomhair séasúr folctha an tsamhraidh 2026 (Meitheamh go Meán Fómhair 2026).

***Nóta: Tosaíonn poist ar thránna Bhun Dobhráin & Ros Neamhlach go lánaimseartha ón 1ú Meitheamh 2026; tosóidh poist ar gach trá eile ag an deireadh seachtaine amháin ó 1ú Meitheamh 2026 agus ina dhiaidh sin feidhmeoidh siad ar bhonn lánaimseartha ó 1ú Iúil 2026.***

Tá sé beartaithe painéal d'iarrthóirí incháilithe a chur le chéile, óna líonfar aon fholúntais shealadacha a thagann chun cinn le linn shaolré an phainéil.

Tuairisceoidh an t-iarratasóir a n-éiríonn leis chuig maoirseoir na nGardaí Tarrthála Trá agus chuig an Oifigeach Cósta nó duine cuí eile i Stiúrthóireacht an Uisce agus an Chomhshaoil arna chinneadh ag an Chomhairle ó am go ham.

### Dátaí Tábhachtacha

| | |
|---|---|
| **An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais** | 12 Méan Lae, Dé Luain 23ú Feabhra 2026 |
| **Agallaimh** | 9ú Márta 2025 – 13ú Márta 2026 |
| **Tástáil Snámha** | Dé Satharn 4ú Aibréan 2026 **(amháin),** Ionad Fóillíochta, Bhéal Átha Seanaidh |
| **Ionduchtú** | Dé Luain 1ú Meitheamh/Dé Máirt 2ú Meitheamh 2026 |
| **Séasúr Snámha an tSamhraidh (2026), tránna Ros Neamhlach agus Bun Dobhrán amháin** | Lánaimseartha Dé Luain 1ú Meitheamh 2026 |
| **Séasúr Snámha an tSamhraidh (2026) gach trá eile** | Deirí seachtaine ón Satharn 1ú Meitheamh. Lánaimseartha ó Céadaoin 6ú Iúil 2026. |
| **Druideann Séasúr Snámha an tSamhraidh ar gach trá** | Dé Domhnaigh 14 Meán Fómhair 2026. |

## 2. Dualgais

Áireofar ar dhualgais an phoist an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas ach níl siad teoranta dó sin.

Beidh gardaí tarrthála freagrach as a ndualgais a chomhlíonadh agus oibreoidh siad faoi mhaoirseacht láithreach Mhaoirseoir na nGardaí Tarrthála Trá a thuairisceoidh, ar a s(h)eal, don Oifigeach Cósta.

Léifidh gardaí tarrthála trá, an Ráiteas Sábháilteachta do Ghardaí Tarrthála Trá, beidh siad eolach air agus cloífidh siad leis; glacfaidh siad páirt in oiliúint ionduchtúcháin agus comhoibreoidh siad le hoiliúint sábháilteachta ar bith eile a chuireann an Chomhairle ar fáil de réir mar is gá. Déanfar údair imní ar bith a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht nó sonraí ginearálta maidir lena ndualgais a atreorú chuig Maoirseoir na nGardaí Tarrthála Trá nó chuig an Oifigeach Cósta. Tá an nós imeachta maidir le húdair imní a thuairisciú leagtha amach sa Ráiteas Sábháilteachta.

### (a) An Trá

- Ní mór gach trealamh a sheiceáil go laethúil (gach maidin) lena fheiceáil go bhfuil sé in ord oibre agus réidh le húsáid. Ba chóir lochtanna ara bith a thugtar faoi deara a thuairisciú láithreach. Iniúchadh a dhéanamh ar gach trealamh tarrthála agus garchabhrach ar theacht chun dualgais dó chun lena chinntiú go bhfuil stoc leordhóthanach ar fáil agus in ord maith oibre.
- Ba cheart bratacha táscacha a chur in áiteanna suntasacha. Is é an córas bratacha seo a leanas atá le húsáid:
    - Léiríonn bratach dhearg go meastar go sealadach nach bhfuil sé sábháilte dul amach a shnámh.
    - Léiríonn bratach dearg thar bhratach bhuí go bhfuil snámh idir dhá bhratach den chineál sin faoi mhaoirseacht Gharda Tarrthála Trá.
    - Ní bhíonn bratach ar bith ar foluain mura bhfuil Garda Tarrthála Trá ar dualgas.
    - A chinntiú, ó thús na tréimhse dualgais go bhfuil na bratacha cuí ar foluain agus go n-athraítear nó go n-athlonnaítear iad de réir mar is gá i rith an lae.
    - A chinntiú ag deireadh na tréimhse dualgais gach tráthnóna go mbaintear na bratacha uilig anuas agus go ndéantar an trealamh ar fad a sheiceáil agus a stóráil go daingean in áit chuí.
- A chinntiú, seachas cúnamh éigeandála nó gnó oifigiúil, nach gceadaítear d'aon duine seachas pearsanra garda tarrthála a bheith sa stáisiún garda tarrthála.

### (b) Na snámhóirí

- Ní mór do ghardaí tarrthála trá a bheith cúirtéiseach i gcónaí do shnámhóirí agus an t-eolas riachtanach a thabhairt dóibh maidir le staid na dtaoidí, na sruthanna agus codanna den trá nach bhfuil sábháilte le haghaidh snámha.
- Seirbhís tarrthála éigeandála a sholáthar i gcás timpistí.
- Dul láithreach le cuidiú a thabhairt do dhaoine a bhfuil deacrachtaí acu san uisce agus an aird is gá a thabhairt do na daoine sin; Garchabhair a thabhairt nuair is féidir.
- Sa chás go bhfuil snámhóirí ar tí dul amach san uisce ag pointe a mheastar a bheith contúirteach mar gheall ar shruthanna, gaineamh aistritheach srl., ba chóir dóibh rabhadh a thabhairt dóibh láithreach agus na cúiseanna a mhíniú dóibh. An fhealsúnacht a chleachtadh gur fearr taisme a chosc seachas freagairt di nuair a bhíonn an tseirbhís á cur ar fáil.
- Má tá snámhóirí ag gníomhú ar bhealach mígheanasach, ba chóir don Gharda Trá an meid sin a thabhairt le fios don Gharda Síochána a luaithe agus is féidir.

**(c) Dualgais Eile le cur san áireamh**

- Ach amháin nuair a bhíonn an trá folamh, ba chóir go mbeadh an Garda Tarrthála Trá ar patról trá nó ar faire taobh amuigh den bhothán. Níor chóir go mbeadh an Garda Tarrthála Trá taobh istigh den bothán ach amháin nuair a bhíonn sé ag fáil béilí srl. nó nuair a bhítear cinnte nach bhfuil aon duine ar an trá. Níor cheart go ligfeadh siad dá n-aird imeacht i gcomhráite leis an bpobal, le húsáid fón póca, ná sa léitheoireacht. Is é príomhdhualgas an Gharda Tarrthála Trá cosc a chur ar chásanna timpiste tarlú. Ba chóir an feadán tarrthála a chur in áit straitéiseach ionas go bhféadfaí é a úsáid ar an bhomaite. Teastaíonn faireachas speisialta sa chás go bhfuil carraigeacha ann nó abhann ag sreabhadh amach, mar is dócha go mbeidh subha nó sruthanna ann.
- Sa chás go mbíonn ar Ghardaí Tarrthála Trá imeacht le béilí a bheith acu, ba chóir socruithe a dhéanamh go mbeadh Garda Tarrthála Trá amháin ar dualgas le linn an gharda tarrthála trá eile a bheith as láthair chun na críche sin agus chun patról a dhéanamh ar a c(h)eantar siúd chomh maith lena c(h)eantar féin.
- Sa chás go bhfuil beirt Ghardaí Tarrthála Trá nó níos mó ar dualgas ar thrá ar leith –
  - Fanfaidh Garda Tarrthála Trá amháin ag ionad caoithiúil ónar féidir radharc iomlán a fháil ar an trá agus fanacht ar faire leanúnach,
  - Coinneoidh an Garda Tarrthála Trá eile patról ar an trá agus ar bhealach go dtugtar cuairt ar phointe áirithe ar bith ar feadh na trá uair amháin ar a laghad gach 15 bhomaite.
  - Ba cheart tuairiscí gairide a mhalartú nuair a thagann siad le chéile ach níor cheart go bhfeicfí gardaí tarrthála riamh ag cruinniú le chéile ná le grúpaí eile.
- Breathnóireacht agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí in áiteanna snámha poiblí chun timpistí báite a chosc.
- Iniúchadh a dhéanamh ar limistéar an phatróil agus, nuair is féidir, aon nithe contúirteacha nó gránna a thógail ar shiúl. Mura féidir leis an ngarda tarrthála déileáil leis an ábhar ba chóir dó/di tuairisc a thabhairt láithreach dá m(h)aoirseoir
- A chinntiú go gcoimeádtar an stáisiún garda tarrthála glan agus slachtmhar agus i staid ullmhachta le haghaidh éigeandálaí.
- Déanfaidh na Gardaí Tarrthála Trá faireachán ar riocht na leithreas agus tabharfaidh siad fógra don Mhaoirseoir Garda Tarrthála sa chás go mbíonn neamhghlaineacht nó damáiste tromchúiseach ann.
- Cigireachtaí laethúla a dhéanamh ar na baoithe tarrthála ina gcrios patróil - agus mar is acmhainn leo níos faide ná sin - agus é sin a thaifeadadh ar an Aip a thugtar dóibh. Déanfaidh gardaí tarrthála cigireachtaí seachtainiúla (ar a laghad) ar gach fáinne tarrthála eile ar a dtránna ar an Aip le tacaíocht ó Mhaoirseoir na nGardaí Tarrthála.
- D'fhéadfadh gardaí tarrthála trá a bheith de dhíth chun cuidiú le himeachtaí uisceacha agus le cláir sábháilteacht uisce.
- Déanfaidh Gardaí Tarrthála Trá gach dualgas cuí mar atá leagtha síos i Lámhleabhar Ghardaí Tarrthála Sábháilteacht Uisce Éireann.
- Ba chóir do Ghardaí Tarrthála Trá a chur isteach sa logleabhar, amanna a gcuireann siad tús lena ndualgas agus a scoireann siad agus é sin a logáil isteach mar an gcéanna leis an nGarda Cósta gach lá.
- Ba chóir do Ghardaí Tarrthála Trá nóta a dhéanamh d'aon timpiste/eachtra ar nós tarrthálacha, srl. agus é sin a thaifeadadh ar an Aip a sholáthraítear. Ba cheart Logleabhar ginearálta d'imeachtaí laethúla a choinneáil agus é a bheith ar fáil i gcónaí lena iniúchadh ag aon bhall cuí-údaraithe d'fhoireann na Comhairle Contae.
- Ba chóir go dtaifeadfaí sa Logleabhar laethúil fosta:
  - Ainmneacha agus amanna freastail na ngardaí go léir atá ar dualgas.
  - An aimsir ghinearálta agus dálaí na dtaoidí.
  - Na bratacha a cuireadh ar foluain agus an t-am ar athraíodh iad i rith an lae.

- Dualgais a rinneadh amhail rochtain ar an trá a ghlanadh, seirbhís bosca bhruscair/leithris a thuairisciú, bratacha ar iarraidh, Garchabhair a riartar, srl.
- Aon eolas a chuideodh leis na hÚdaráis an tseirbhís a fheabhsú nó a chuideodh le haon fhiosrúchán a bheidh ann amach anseo ar theagmhais laethúla a dtiocfadh leo teacht chun cinn.
- Is gá an Logleabhar a chomhlánú agus a chothabháil ar bhealach gairmiúil mar d'fhéadfadh sé go n-úsáidfí é mar fhianaise ag fiosrúchán níos déanaí.

**(d) Ról an Gharda Shinsearaigh Tarrthála Trá**

- Maidir leis an Gharda Tarrthála Sinsearach Trá ag gach láthair, chomh maith le dualgais uile Gharda Tarrthála Trá a chomhlíonadh (lena n-áirítear páirt iomlán a ghlacadh i socruithe uainchlár), beidh sé/sí freagrach fosta as a chinntiú go gcloíonn na Gardaí Tarrthála Trá ag a /uíomh go hiomlán le téarmaí dualgais, freagrachtaí agus rialacháin ghinearálta an phoist.
- Cuidiú leis an Rannóg Cáilíochta Uisce, an Roinn Comhshaoil, ag amanna éagsúla i rith shéasúr an tsamhraidh ag cur in iúl don phobal faoi athruithe ar bith ar cháilíocht an uisce snámha, de réir mar is gá.
- Gach foirm tharrthála agus gharchabhrach chuí a chomhlánú.
- A chinntiú go mbíonn rochtain ar an trá saor ó ghaineamh/bruscar/constaicí i gcónaí.
- A chinntiú go bhfuil gach seirbhís feabhsúchán trá oiriúnach don fheidhm (boird faisnéise, comharthaíocht sábháilteachta, Bratacha Gorma, suíocháin phoiblí, srl) agus fógra a thabhairt do Mhaoirseoir an Gharda Tarrthála má thagann deacrachtaí chun cinn.
- Gabhdáin dramhaíola/athchúrsála (de réir mar is gá) a chur amach gach lá, monatóireacht/folmhú a dhéanamh ar bhoscaí bruscair (de réir mar is gá) agus foláireamh a thabhairt don Mhaoirseoir Garda Tarrthála (de réir mar is gá) má bhíonn na seirbhísí dramhaíola faoi bhrú. Cinnteoidh Gardaí Tarrthála Trá fosta go mbailítear bruscar dá dtrá, óna carrchló(i)s agus óna ceantar ginearálta thart timpeall.

**<u>Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021</u>**

Ionas go mbeidh an tÚdarás Áitiúil in ann a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, meastar gur riachtanas riachtanach í inniúlacht shásúil sa Ghaeilge le haghaidh ceapacháin/lonnúcháin/athlonnúcháin chuig oifigí atá bunaithe sa Ghaeltacht agus chuig oifigí a fhreastalaíonn ar cheantair Gaeltachta. Caithfidh an inniúlacht a bheith ar leibhéal a chuireann an duine ar a chumas oibriú trí mheán na Gaeilge agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal sa Ghaeilge, de réir fhorálacha na nAchtanna Teangacha Oifigiúla, (Leasú) 2021. Féadfaidh measúnú ar an inniúlacht seo a bheith mar chuid lárnach den phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin.

**<u>3. Cáilíochtaí agus riachtanais an phoist</u>**

Tá sé dearbhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí do phost an Gharda Tarrthála Trá mar atá leagtha amach thíos:

**(a) Aois**

Cuireann Comhairle Contae Dhún na nGall fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu.

Ní mór d'iarratasóirí do Shéasúr Snámha an tSamhraidh 2026 a bheith níos lú na 18 mbliana déag d'aois ar thus na fostaíochta.

**(b) Carachtar**

Caithfidh dea-charachtar a bheith ag iarratasóirí.

Déanfar Grinnfhiosrúchán Garda ar iarratasóirí le haghaidh phost an Gharda Tarrthála Trá.

**Beidh ar Iarrthóirí rathúla Foirm Chuireadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána NVB1 a chomhlánú agus a sheoladh ar ais tar éis dóibh glacadh le tairiscint fostaíochta. I gcás iarrthóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, chomh maith leis an bhFoirm NVB1, ba chóir do Thuismitheoir/Caomhnóir Foirm NVB3 chomhlánaithe a chur isteach freisin.**

**(c) Sláinte**

Tabharfaidh sláinte iarratasóirí le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

**Beidh ar an té a cheapfar Foirm Féindearbhúcháin maidir le Sláinte a chomhlánú sula gceaptar sa phost é mar Gharda Tarrthála Trá.**

Ba chóir do gach iarratasóir a bheith ábalta diansnámh a dhéanamh go cumasach ag an leibhéal is gá chun na dualgais a shanntar dó a chomhlíonadh.
Beidh ar iarratasóirí Triail Linne a dhéanamh go sásúil sula gceaptar i mbun poist iad. *(féach (d)(ii) thíos).*

**(d) Oideachas/Taithí**

Ar dháta deiridh na bhfoirmeacha iarratais, caithfidh an méid seo a leanas a bheith ag iarratasóirí:

**(i) Gradam an Gharda Tarrthála Trá**

(a) Ní thairgfear post mar Gharda Tarrthála Trá d’aon iarratasóir go dtí go mbeidh Teastas bailí Gharda Tarrthála Trá faighte ina dtaobh ag an Chomhairle.
*[Glactar le Garda Tarrthála Trá Shábháilteacht Uisce Éireann nó Chumann Tarrthála Ríoga (Éire) nó a chomhionann.]*
(b) Caithfidh an teastais fanacht bailí ar feadh na tréimhse fostaíochta ina hiomláine.
(c) Má dhéantar moill an Teastas a chur isteach is féidir nach dtairgfear post mar Gharda Tarrthála Trá don iarratasóir.
(d) I dtaca le hiarratasóirí nach bhfuil Teastas reatha Gharda Tarrthála Trá acu, nó a bhfuil a dteastas imithe in éag, caithfidh siad a chur in iúl ar an fhoirm iarratais cén dáta a bheidh siad ag tabhairt faoin Chúrsa do Ghardaí Tarrthála Trá nó a bheidh a gcuid teastais á n-athbhailíochtú.
(e) Cúrsaí agus Athbhailíochtú Gardaí Tarrthála Trá:
Tá cúrsaí Garda Tarrthála Trá agus Athbhailíochtú atá lonnaithe i nDún na nGall ag brath ar éileamh. Moltar d'iarratasóirí seiceáil le soláthraí an chúrsa. **Cuir téacs chuig 085 1131114 le haghaidh tuilleadh sonraí.**

Tabhair do d’aire gur féidir eolas faoi Chúrsaí agus faoi Athbhailíochtú eile Garda Tarrthála Trá a fháil ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

- www.watersafety.ie
- www.lifeguardsireland.com/courses.htm
- www.atlanticcoastlifeguards.com

**(ii) Triail Linne do Ghardaí Tarrthála Trá**

Ní mór do gach iarratasóir Triail Linne an Gharda Tarrthála Trá, a dhéanann Sábháilteacht Uisce Éireann, a chur i gcrích go rathúil. Tá trialacha Gharda Tarrthála Trá Dhún na nGall bunaithe ar éileamh agus **níl** sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún na nGall aon trialacha linne eile a dhéanamh i mbliana seachas an triail ar an **4ú Aibréan**. Moltar d'iarratasóirí seiceáil leis an soláthraí trialacha trí 085 1131114 a théacsáil le haghaidh tuilleadh sonraí.

- Féadfaidh iarratasóirí an triail linne a dhéanamh i gceantar údaráis áitiúil eile, ach ní mór na torthaí a chur faoi bhráid na Comhairle seo agus iad a fhíorú sular féidir aon tairiscint poist a dhéanamh.
- Tá sé de fhreagracht ar iarratasóirí a chinntiú go gcomhlíonann siad triail linne bhailí.

Beidh na gnéithe seo a leanas sa Triail Linne:

**(a)*Triail Phraiticiúil Uisce***

- 200 méadar Saorstíle (amaithe faoi 4 bhomaite)
- 100 méadar tarraingthe le cannabhaoi /Feadán Tarrthála (amaithe faoi 4 bhomaite)
- Snámh 25-méadar ceann-in-airde, scaoileadh agus iompar 25 méadar (Greim ón Tosach)
- Snámh 25-méadar ceann-in-airde, scaoileadh agus iompar 25 méadar (Greim ón gCúl)
- 20 méadar druidime, Tumadh Dromchla agus athbheochan Domhain-uisce
- Tarrtháil ar chlár - druidim leis an taismeach gan aithne, é a chur suas ar an chlár (in uisce domhain) agus leanúint ar aghaidh le tarrtháil ar chlár go dtí deireadh na linne snámha

***(b)Praiticiúil ar Tír Mór***

- Buntacaíocht Beatha agus Iarchúram a léiriú, i gcomhair Duine fásta agus Naíonáin;

***(c)Teoiric***

- Buntacaíocht Beatha;
- Garchabhair;
- Dualgais agus Freagrachtaí Ginearálta Garda Tarrthála

## 4. Mionsonraí an Phoist

### (a) Ginearálta

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú do phost an Gharda Tarrthála Trá le haghaidh séasúr snámha an tsamhraidh 2026 (Meitheamh go Meán Fómhair 2026) óna líonfaidh sé aon fholúntas a d'fhéadfadh teacht aníos. Déanfar ceapacháin ar bhonn páirtaimseartha agus lán-aimseartha, de réir mar is gá.
***Nóta: Tosaíonn poist ar thránna Bhun Dobhráin & Ros Neamhlach go lánaimseartha ón 1ú Meitheamh 2026; tosóidh poist ar gach trá eile ag an deireadh seachtaine amháin ó 1ú Meitheamh 2026 agus ina dhiaidh sin feidhmeoidh siad ar bhonn lánaimseartha ó 1ú Iúil 2026.***

### (b) Promhadh

Beidh an té a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, faoi mar a shocróidh an Chomhairle.

### (c) Luach Saothair

Is mar seo a leanas atá an ráta seachtainiúil náisiúnta pá in aghaidh na huaire:

- Garda Tarrthála Trá Sóisearach - €17.54
- Garda Tarrthála Trá Sinsearach - €19.59

Níl aon liúntais eile iníoctha.

**(d) Bunáit**

Is í an Chomhairle a shocróidh bunáit an phoist don gharda tarrthála trá agus beidh sé ag brath ar an trá ar leith ina sannfar an té a cheapfar. Forchoimeádann Comhairle Contae Dhún na nGall an ceart aon iarratasóir rathúil a shannadh chuig aon cheantar laistigh den chomhairle, anois nó amach anseo, faoi réir fógra réasúnta.

**(e) Cónaí**

Cónóidh an té a cheapfar sa cheantar ina bhfeidhmeofar a d(h)ualgais nó faoi fhad réasúnach de.

**(f) Uaireanta Oibre**

Is é do Bhainisteoir Líne a shonróidh na huaireanta / laethanta oibre a bheas agat dáiríre. Socrófar ar an phatrún oibre do Ghardaí Tarrthála páirtaimseartha de réir na riachtanas do thránna ar leith.

Beidh ort bileog ama sheachtainiúil a líonadh amach agus a thabhairt do do Bhainisteoir Líne. BA chóir go luafaí ar an bhileog ama na huaireanta iarmhíre a oibríodh. Déanfar gach uair a oibrítear a taifead faoi réir agus de réir fhorálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus an Achta um Eagrú Ama Oibre (Rialacháin) 2001.

Beidh ar Ghardaí Tarrthála lánaimseartha oibriú ar feadh sé lá sa tseachtain le linn an tséasúir shnámha.

Beidh teidlíocht do shaoire bhliantúil bunaithe ar na huaireanta a oibríonn tú ar feadh fhad na tréimhse réamhluaite, amach ó Shaoirí Poiblí, a chúiteofar leat ag deireadh do chonartha, ag brath ar thinreamh iomlán le linn na tréimhse sa chonradh den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

## 5. <u>Próiseas Earcaíochta</u>

### A. Foirm Iarratais

- Ní mór iarratais a dhéanamh ar an fhoirm iarratais oifigiúil ar líne agus ní mór gach cuid den fhoirm a bheith líonta go hiomlán.
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an gcóras.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach ar an t-eolas ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Is é **12 Meán lae Dé Luain, 23 Feabhra 2026** an spriocdháta chun iarratais chomhlánaithe a chur isteach**.**
- Ba chóir d’iarratasóirí na nithe seo a leanas a chur isteach roimh an spriocdháta:

    a) Cóip chomhlánaithe agus shínithe den Fhoirm Iarratais
    b) Teastas Bailí Garda Tarrthála Trá
    c) Cáilíochtaí eile, más bainteach
    d) Aguisíní 1 agus 2 comhlánaithe, sínithe ag an fhostóir/na fostóirí ábhartha, más infheidhme.

***Tabhair faoi deara, le do thoil, má bhí tú fostaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall roimhe seo i ról Gharda Tarrthála Trá ní gá duit Aguisíní 1 & 2 a chomhlánú.***

**B. Gearrliostú**

Is féidir iarratasóirí a chur ar ghearrliosta faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le gearrliosta a dhéanamh, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.
Má mheastar, mar gheall ar líon agus ar chaighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus ar Athbhreithniú**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leo, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, agus an chúis atá leis an iarratas a chur in iúl na agus caithfear é sin a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe na Canbhasála**

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s(h)on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**
*Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.*

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le

Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie